

# Réics Carló:



RÍONA NIC CONGÁIL

## GAELACHAS SA NUA-AOIS

**Nuair** a d'fhoilsigh fear óg bliain is fiche d'aois darbh ainm Cathal Ó Sándair a chéad úrscéal bleachtairachta do pháistí sa bhliain 1943, bhí Aimsir na hÉigeandála faoi lán seoil in Éirinn. Ré an leithlisithe eacnamaíoch agus pholaitiúil a bhí ann, a raibh an difhostaíocht, imirce, boilsciú agus ciondáil bia mar chuid lárnach di. Fearacht fhir óga eile a linne, ghlac Ó Sándair le ról sna Fórsaí Cosanta a raibh sé mar aidhm acu an tír a chosaint dá ndéanfaí ionsaí uirthi.<sup>1</sup> Ghlac Ó Sándair le post san Aerchór Míleata agus cé nach raibh airgead ag an Aerchór úd ná rath air, thug sé inspioráid dó nuair a thosaigh sé i mbun pinn.<sup>2</sup> Chruthaigh Ó Sándair airm agus eitleáin shamhlaíocha nach bhfeicfeadh an tAerchór choíche: cosúil leis an eitleán dofheicthe agus spáslonga a raibh mianach as an ngnáth iontu.<sup>3</sup>

Feictear tréithe na samhlaíochta den chineál seo go minic san fhicsean a chum Ó Sándair do pháistí. Is cosúil gur foilsíodh an chéad ghearrscéal sa Ghaeilge ó pheann Uí Shándair nuair a bhí sé 16 bliain d'aois. Foilsíodh é in *Our Boys*, iris na mBráithre Críostaí don aos óg, a raibh leathanach Gaeilge ann.<sup>4</sup> Ina dhiaidh sin, chaith Ó Sándair breis is daichead bliain ag scríobh leabhar do pháistí agus d'fhoilsigh sé tuairim is 160 leabhar,

chomh maith le colúin do pháistí in *Indiu*, nuachtán náisiúnta na Gaeilge, ó 1951 ar aghaidh, agus in *Anois* a tháinig ar an bhfód sa bhliain 1984.<sup>5</sup> Chum sé na chéad chartúin chlóite do pháistí sa Ghaeilge agus chum sé drámaí do pháistí a craoladh ar Raidió Éireann, ar nós 'Nuair a fuair Rudolph Réin Fhia Bás.'<sup>6</sup> Cé gur chum Ó Sándair scéalta ar leith chun freastal a dhéanamh ar riachtanais léitheoireachta na gcailíní, bhí cáil ar a shraithscéalta do bhuachaillí thar aon ní eile.<sup>7</sup> D'fhoilsigh sé trí shraithscéal do bhuachaillí a raibh an-tóir orthu lena linn: 'Buachaillí Chluain Éanna,' bunaithe ar eachtraí buachaillí scoile, a raibh macalla ann ar Scoil Éanna an Phiarsaigh; 'Réamonn Óg' a bunaíodh ar bhuachaillí bó is Indiaigh Mheiriceá agus Réics Carló, an bleachtair príobháideach Éireannach a raibh meas ag Seirbhísí Rúnda air ar fud na cruinne. B'ionann Ó Sándair agus Enid Blyton na Gaeilge i dtaobh na seánraí do pháistí ar bhain sé úsáid astu; ach ba nós le Ó Sándair daoine fásta a úsáid mar phríomhcharachtair ina scéalta, seachas páistí fíoracha.

Nuair a thosaigh Ó Sándair ag scríobh, bhí an pobal tuaithe in Éirinn a bhí ag brath ar chúrsaí talmhaíochta ní ba líonmhaire ná pobal na gcathracha, ach roghnaigh sé suíomh na cathrach

<sup>1</sup> Féach Donal MacCarron and William Younghusband, *The Irish Defence Forces since 1922* (Oxford: Osprey Publishing, 2004), 16-21.

<sup>2</sup> Féach Eunan O'Halpin, *Defending Ireland: The Irish State and Its Enemies Since 1922* (Oxford: Oxford University Press, 2000), 154; Mícheál Mac Aonghusa, 'Cathal Ó Sándair, 1922-1996,' in *Combar*, Márta 1996, 27.

<sup>3</sup> Féach Cathal Ó Sándair, *An t-eitellán do-fheicthe* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1943); Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGaeilge* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1950).

<sup>4</sup> Diarmuid Breatnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis a hOcht: 1983-2002* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta.2003), 211-212; *The Leader*, 22/08/1936, 78-79.

<sup>5</sup> Féach Dorothy Ní Uigín, *Nuachtáin Ghaeilge na hÉireann ón Dara Cogadh Domhanda i Leith* (Tráchtas M.A., Coláiste na hOllscoile, Gaillimh, 1993), 65-66; 157.


<sup>6</sup> *Irish Independent*, 24/12/1953, 5.

<sup>7</sup> Féach Cathal Ó Sándair, *Mistéire na scoile-ar-muir* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1954). Bhain an scéal seo le sraithscéal Chailíní Chluain Éanna. Deirtear go raibh Ó Sándair ina chomhthreagraí rialta le *Woman's Way*, agus ainm cleite á úsáid aige. Féach *Irish Times*, 20/06/1996, 17.

mar chúlra do scéalta Réics Carló.<sup>8</sup> Bhain an chathair leis an nua-aimsearthacht, an chruthaitheacht, an dul chun cinn sóisialta is cultúrtha, agus i scéalta Réics Carló theastaigh ó Chathal Ó Sándair a thaispeáint go bhféadfadh an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach teacht faoi bhláth i dtimpeallacht uirbeach. Os a choinne sin, chuaigh bagairt na coiriúlachta lámh le lámh le fás is forbairt na cathrach, agus bhí sé de dhualgas ar an mbleachtaire, Réics Carló sa chás seo, seasamh ar son an chirt, agus a chinntiú go bhfaigheadh an mhaitheas an ceann is fearr ar an olcas sa tsochaí.<sup>9</sup>

Bhí dlúthbhaint ag scéalta Réics Carló leis an gceinéal féiniúlachta idéalai iarchoilíní a theastaigh ó Chathal Ó Sándair a chur chun cinn i measc a chuid léitheoirí óga. D'ardaigh Ó Sándair stádas na bhfeair Éireannach trí eiseamláir an charachtair Réics Carló, ach murab ionann is an *Femme Fatale* a fheictear i seánra na bleachtaireachta go minic, feictear ról imeallach na mban go hiondúil ina scéalta, mar mhacalla ar ról íochtarach na mban sa saol poiblí nuair a bhí de Valera i réim.<sup>10</sup> Cé go raibh de Valera tógtha le polasaí an leithlisithe fad is a bhí sé i réim, mhaigh Ó Sándair go minic: “Ní oileán duine ar bith.”<sup>11</sup> Níorbh aon ionadh é mar sin go raibh Réics Carló, an Gael cáiliúil a raibh ainm coimhthíoch air, a sheas mar shiombail d'Éirinn neamhspleách, féinmhuineach go leor chun speis a léiriú i gcultúr eile agus chun lámh chúnta a thabhairt do thíortha eile nuair a bhí siad i bponc.

Ó chuir Saorstát na hÉireann tús leis an nGaeilge éigeantach i scoileanna na tíre, bhí sé mar chúram ar an nGúm, a bunaíodh sa bhliain 1926, ábhar léitheoireachta tarraingteach agus oiriúnach a sholáthar do pháistí scoile na tíre.<sup>12</sup> Ag tús a ré, bhí sé de nós ag an nGúm scéalta cáiliúla do pháistí a aistriú ó theangacha Eorpacha eile, cosúil le sísceálta na ndeartháireacha Grimm agus Herman Ould, ar nós *Séidín agus an Gas Pónaire* agus *An Leas-mháthair nó Hansel and Gretel* mar is fearr aithne air.<sup>13</sup> Ach níor spreag An Gúm scríbhneoirí na Gaeilge chun an litríocht chruthaitheach nua-aimseartha do pháistí a chumadh ina dteanga féin go dtí gur tháinig Cathal Ó Sándair ar an bhfód. An uair dheireanach a *cumadh* scéalta éagsúla do pháistí sa Ghaeilge ná i rith aimsir na hathbheochana, ach bhí difríocht ollmhór idir na foilseacháin is scéalta a rinne idéalú ar shaol na tuaithe (ar nós *An Áilleán*, 1902; *Sídheoga ag Obair*, 1903; *Íosagán agus Sgéalta Éile*, 1907) agus na scéalta a chum Ó Sándair.<sup>14</sup> Dá bhrí sin, chuir scéalta Uí Shándair casadh úr sa litríocht do pháistí sa Ghaeilge, agus tugann an t-údar Ré Ó Laighléis a bhfuil cáil air as a chuid leabhar do pháistí, aitheantas do chumas Uí Shándair nuair a deir sé: “With the exception of Cathal Ó Sandair, who between the 1950s and



1970s, wrote his renowned and innumerable Reics Carlo detective novels, it is hard to name another urban-oriented prose writer of consistently worthwhile teenage reading material until the early to mid-1980s.”<sup>15</sup>

Tamall gearr sular foilsíodh an chéad scéal faoi eachtraí Réics Carló, chuir Liam S. Ó Brolcháin alt faoi sheánra na bleachtaireachta i gcló sa nuachtán *Scéala Éireann*. Mhaigh sé san alt seo “[gurb] é an lorgaire gaiscíoch na fichiú aoise. Gloine méadaithe – sin é atá mar chlaíomh aige; an fheadóg airgid – sin é is Barr Bua nó Dord Féinne aige; mar charbad, baineann sé feidhm as citléan, traenacha, gluasteáin, gach áis níos fearr ná a chéile aige. Slán beo le Don Chiote!”<sup>16</sup> Tá an méid seo fíor i dtaobh Réics Carló óir chruthaigh Ó Sándair é mar ‘Fhionn Mac Cumhail’ an fhichiú haois, a thiomáineann Mercedes agus a bhfuil cur

<sup>8</sup> Mary E. Daly, *The slow failure: population decline and independent Ireland, 1922–1973* (Madison: University of Wisconsin Press, 2006), 33–34.

<sup>9</sup> Féach Dorothea Fischer-Hornung, Monika Mueller, *Sleuthing Ethnicity: The Detective in Multicultural Crime Fiction* (Madison: Fairleigh Dickinson University Press, 2003), 149.

<sup>10</sup> Féach Caitríona Clear, ‘Women in de Valera’s Ireland 1932–48: a reappraisal,’ in *De Valera’s Ireland*, eds Gabriel Doherty and Dermot Keogh (Cork: Mercier Press, 2003), 104.

<sup>11</sup> *Irish Independent*, 27/04/1996, 25.

<sup>12</sup> Féach Antáin Mag Shamhráin, Pádraic Ó Faracháin (cag), *FoilseachaÓran Ghuí: liosta d’fhoilseachaÓran Ghuí, 1926–2003* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 2003), v.

<sup>13</sup> Féach Antáin Mag Shamhráin, Pádraic Ó Faracháin (cag), *FoilseachaÓran Ghuí: liosta d’fhoilseachaÓran Ghuí, 1926–2003* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 2003), 16–22.

<sup>14</sup> Féach Tadhg Ó Donnchadha, *An Áilleán* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaedhíge, 1902); Uilliam Ó Riain, *Sídheoga ag Obair* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaedhíge, 1903); Pádraic Mac Piarais, *Íosagán agus Sgéalta Éile* (Baile Átha Cliath: Conradh na Gaedhíge, 1907).

<sup>15</sup> Ré Ó Laighléis, ‘Extraordinary Exigencies: Current Irish Language Literature for the Young Reader,’ in *The Lion and the Unicorn* 21.3 (1997), 427.

<sup>16</sup> Liam S. Ó Brolcháin, ‘An lorgaireacht mar ghné den litríocht,’ in *Scéala Éireann*, 08/05/1939, 4.

amach aige ar chuile chóir iompair agus chuile ghiuirleíd nua-aimseartha ar domhan, mar a bheadh réamhtheachtaí James Bond ann.<sup>17</sup> Seasann Réics Carló don mhíneach agus don chrógacht a bhaineann leis an Éireannach idéalach: bhí sé ina bhall d'Óglaigh na hÉireann nuair a bhí sé óg agus de na Fórsaí Cosanta le linn an Dara Cogadh Domhanda; is dornálaí, dreapadóir agus snámhóir cumasach é (deirtear linn gur bhuaigh sé bonn i rás na Life); is duine éirimíúil agus loighciúil é freisin; déanann sé aithris ar scéalta fiannaíochta, agus fearacht Fhinn, tá madra dílis aige a dtugann sé Bran air.<sup>18</sup> Tá luachanna láidre morálta aige agus bíonn fir ar fud an domhain ag iarraidh a bheith cosúil leis, go háirithe Brian Ó Ruairc “a chúinteoir óg cumasach,” nó a Dr Watson féin.

Is féidir sraithscéalta Réics Carló a roinnt in dhá chuid: úrscéalta a théann i ngleic leis an lorgaireacht nó bleachtairacht féin, fearacht *Réics Carló sa tSín* agus *Réics Carló ar Oileán Mhanann*, a chomhlíonann coinbhinsiúin an tseánra sin, agus úrscéalta a bhaineann le cuid de chomharthaí sóirt na fantaisíochta, fearacht *An t-eiteallán do-fheicthe* agus *Réics Carló ar an nGealaigh*. Sa leabhar deireanach seo, is é Réics Carló an chéad duine daonna a leagann cos ar an ngealach agus is gá dó a bheith ag streachailt in aghaidh an chultúir choimhthíoch atá i réim ansin. Ní hionann *Réics Carló i Meicsicó* agus an gnáthscéal bleachtairachta ach an oiread óir baineann an plota le tóraíocht taisce agus ór na nAstacach á lorg ag Réics Carló.<sup>19</sup> Deir an reacaire go mbaineann na scéalta nach scéalta bleachtairachta iad le laethanta saoire Réics Carló mar “ní bhíodh aon doicheall air roimh thuras fionnachtana. Ba thaitneamhaí é an t-athrú oibre é a leithéid sin.”<sup>20</sup>

Faoin am gur ghlac Ó Sándair leis an úrscéal bleachtairachta mar chreatlach dá scéalta, bhí an-rath air i measc na nÉireannach; agus bhí aistriúcháin ar úrscéalta bleachtairachta Sherlock Holmes do dhaoine fásta á bhfoilsíú ag an nGúm um an dtaca sin.<sup>21</sup> Bhí borradh úr faoi úrscéalta bleachtairachta do pháistí freisin, ó tháinig *The Hardy Boys* (1927) agus *Nancy Drew* (1930) ar an bhfód i Meiriceá agus *The Famous Five* ó pheann Enid Blyton i Sasana sa bhliain 1942.<sup>22</sup> Ag an tráth sin, mheas Liam S. Ó Broilcháin go raibh spéis ag na hÉireannaigh i seánra na bleachtairachta toisc go raibh siad “pas beag fiosrach.”<sup>23</sup> Ach mheall an seánra seo idir óg is aosta ar chúiseanna éagsúla. Tá i bhfad níos mó i gceist le scéalta Réics Carló ná mistéirí is rúndiamhracht amháin. Mar a áitíonn Dennis Porter ina leabhar *The Pursuit of Crime: Art and Ideology in Detective Fiction*, is féidir díriú ar sheánra na bleachtairachta mar “barometer of the

# FAOIN AM GUR GHLAC Ó SÁNDAIR LEIS AN ÚRSCÉAL BLEACHTAIREACHTA MAR CHREATLACH DÁ SCÉALTA, BHÍ AN-RATH AIR I MEASC NA nÉIREANNACH; AGUS BHÍ AISTRIÚCHÁIN AR ÚRSCÉALTA BLEACHTAIREACHTA SHERLOCK HOLMES DO DHAOINE FÁSTA Á bhFOILSIÚ AG AN nGÚM UM AN dTACA SIN

society's ideological norms ... that can provide important clues to the anxieties, aspirations, and constraints experienced by the mass audience,” sa chás seo lucht léitheoireachta na Gaeilge.<sup>24</sup>

Ó cuireadh tús le seánra na bleachtairachta, le *The Mystery of Marie Roget* (1843), scríofa ag Edgar Allan Poe, chuaigh sé i ngleic leis an taobh duairc, gránna de shaol na cathrach, óir bhí an choirpeacht eagraithe fite fuaite le fás na gcathracha, agus bhagair sé seo an tsíocháin sa tsochaí. Dá dheasca sin, bhí sé mar aidhm ag an mbleachtair, laoch an tseánra, a bheith ag cur i gcoinne na mbagairtí, an tsíocháin a chaomhnú agus athdheimhniú a thabhairt do léitheoirí comhaimseartha. Aithnítear an t-idirdhealú fol-lasach idir an mhaitheas agus an t-olcas sa seánra seo agus in ainneoin na coiriúlachta is an fhoréigin sna scéalta, tá Conradh samhla ann idir an scríbhneoir agus an léitheoir, a chinntíonn go mbeidh dea-thoradh is dea-dheireadh ar an scéal. Ar an gcaoi seo tugtar rian an dóchais do léitheoirí gur féidir fáil réidh leis an olcas is foréigean sa tsochaí trí ghníomhartha laochta an bhleachtair aonair. Agus, dar ndóigh, tá sé seo mar mhacalla ar

<sup>17</sup> D'fhoilsigh Ian Fleming a chéad leabhar faoi cachtraí James Bond sa bhliain 1953, *Casino Royale* an teideal a bhí air. Féach Christoph Lindner, *The James Bond phenomenon* (Manchester: Manchester University Press, 2003), xv.

<sup>18</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1950), 27.

<sup>19</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló i Meicsicó* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1955).

<sup>20</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló i Meicsicó* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1955), 7.

<sup>21</sup> D'aistrigh Nioclás Tóibín *The Hound of the Baskervilles* go Gaeilge sa bhliain 1935; d'aistrigh Proinsias Ó Brógáin *Memoirs of Sherlock Holmes* go Gaeilge sa bhliain 1937. Féach Antáin Mag Shamhráin, Pádraic Ó Farachtaín (eag.) *Foilseachán Ghluais: liosta d'fhoilseachán Ghluais, 1926-2003* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 2003), 11; 17.

<sup>22</sup> *Ba é Five on a Treasure Island* an chéad leabhar sa tsraith ‘The Famous Five.’

<sup>23</sup> *Scéalta Éireann*, 08/05/1939, 4.


<sup>24</sup> Féach Dennis Porter, *The Pursuit of Crime: Art and Ideology in Detective Fiction* (New Haven: Yale University Press, 1981); Robert DiYanni, ‘The Expectations of Genre,’ in *Children's Literature Association Quarterly* 8.3 (1983), 32.

dheireadh na scéalta steiréiticipiúla do pháistí, ina n-éiríonn leis an laoch an domhan a shábháil. Ní mór a mheabhrú go bhfuil cosúlachtaí éagsúla idir an páiste agus an bleachtaire agus iad beirt ag brath ar leideanna chun nithe a fhoghlaim faoin saol timpeall orthu agus chun dul chun cinn a dhéanamh.

Is féidir mianta phoblacht na hÉireann, a bunaíodh sa bhliain 1948, a fheiceáil tríd an stádas a bhronnann Cathal Ó Sándair ar an tír seo ina scéalta bleachtaireachta, agus an bholscaireacht a dhéanann sé ar mhaithe le tírghrá a chothú i measc an lucht léitheoireachta. Sa scéal *Réics Carló ar an nGealaigh* (1950), mar shampla, tugtar le fios gurb iad na hÉireannaigh na daoine is éirimiúla ar fud na cruinne, go háirithe an Dr Leon, an t-eolaí is cumasaí ar domhan.<sup>25</sup> Mar thoradh ar chumas an Dr. Leon, tá Éire i bhfad chun tosaigh ar mhuintir Mheiriceá agus na Rúise sa spásrás. Deirtear linn go bhfuil muintir an domhain ag breathnú i dtreo Pháirc an Fhionnuisce agus an t-aistear chun na gealaí ar tí tosú. “Ba ghearr go mbeadh brat na hÉireann ar foluain ar chnocán éigin de chuid na gealaí,” a deirtear linn.<sup>26</sup> Tugtar aitheantas do ról an rialtais Éireannaigh i gcothú agus i maoiniú an aistir seo agus sna scéalta ar fad, bíodh an fhantaisíocht nó an bhleachtaireacht i gceist, déantar cur síos ar Aer Lingus, a bhunaigh an rialtas sa bhliain 1936, agus Aer Rianta, mar ghné thábhachtach den domhandú, a ligcann do Réics Carló a cháil a leathnú thar lear agus a ghréasán oibre a fhorbairt.<sup>27</sup>

Sa leabhar *Réics Carló sa tSín*, tagann Rí na Síne chun na hÉireann, le freastal ar Aonach na gCapall i nDroichead na Dothra, a bhfuil cáil dhomhanda air. Ach tugtar le fios go meallann táirgí de dhéantús baile na hÉireann Rí na Síne freisin, táirgí cosúil le lása Charraig Mhachaire Rois, ceardaíocht Dhún Éimir agus bréidín Thír Chonaill. Deirtear linn gurb ionann smaointeachas an Rí agus an fhealsúnacht Éire-Éireannach a tháinig chun cinn i rith na hAthbheochana óir “B’fhearr leis go mór an mata súgáin a dhéanfadh duine lena lámha féin ná brat urláir dá áille a thíocfadh amach as monarchain,” agus theastaigh uaidh táirgí de dhéantús na hÉireann a thabhairt abhaile leis.<sup>28</sup> Feictear bród Réics Carló i dtaobh a oidhreachta Éireannaí go minic sa scéal seo: nuair a chuireann sé áilleacht thírdhreach na Síne i gcomparáid le háilleacht Gharraithe Náisiúnta na Lus i nGlas Naíon nó nuair a dhéanann sé comparáid idir peannaireacht na Síneach agus ogham na nGael.<sup>29</sup>

I dtaobh oidhrecht is stair na hÉireann, tugann *Uathbhás i mBrugh na Bóinne* (1944) cur síos áibhéalach don léitheoir óg ar an tsibhialtacht a bhain leis an nGráinseach Nua i gCo. na Mí i ré na



9<sup>9</sup>

Cathal Ó Sándair

Clochaoise.<sup>30</sup> Deirtear linn go raibh “súile lucht léighinn ar fud an domhain” dírithe ar sheandálaithe Éireannacha agus go dtugtar “Iarsmalann an domhain thiar” ar Éirinn de bharr na flúirse ornáidí óir agus a leithéidí a fríothadh ann.<sup>31</sup> Sa tsraith seo, baintear úsáid as an nGaeilge mar theanga idirnáisiúnta agus feictear go bhfuil cuid mhaith de na Síneigh fiú amháin in ann í a labhairt. Míníonn an reacaire an chúis leis seo: “Bhí sé mar riail le fada ag rialtas na hAstráile gan fir bhui ligean isteach sa mhór-roinn sin gan scrúdú béil a sheasamh i dteangacha éagsúla an Iarthair i dtreo nach dtiocfadh tuilleadh de dhaoine buí sa mhullach orthu. D’fhoghlaimíodh Síneigh agus Seapánaigh léannta teangacha mar an Ghaeilge

<sup>25</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1950), 6-8; Cathal Ó Sándair, *An t-aitéallán do-fheicthe* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1943), 48; Cathal Ó Sándair, *Réics Carló san Éigipt* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1951), 8.

<sup>26</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1950), 4.

<sup>27</sup> Féach Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1950), 7.

<sup>28</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló sa tSín* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1953), 5.

<sup>29</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló sa tSín* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1953), 13.

<sup>30</sup> Cathal Ó Sándair, *Uathbhás i mBrugh na Bóinne* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1944).

<sup>31</sup> Cathal Ó Sándair, *Uathbhás i mBrugh na Bóinne* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1944), 6.

sna scoltacha agus sna coláistí.<sup>32</sup> Tugann *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984), léargas don léitheoir ar an gceangal Ceilteach idir Éirinn agus Oileán Mhanann fad is a dhéanann sé cur síos ar iarrachtaí cróga Réics Carló chun an maifia Iodálach a dhíbirt as an oileán. De réir tuairisce, bhí an-suim ag Ó Sándair i dteangacha an domhain agus tugann sé eolas agus spléachadh do léitheoirí óga ar theangacha éagsúla, Gaeilge Mhanann ina measc.<sup>33</sup> Léiríonn Réics Carló go bhfuil ardmheas aige ar na teangacha Ceilteacha.<sup>34</sup> Nuair atá sé ar saoire ar “Oileán álainn aoibhinn Mhanann, an tseoid Cheilteach sin i lár Mhuir Éireann,” ceannaíonn sé téip a bhfuil “guth Ned Madrell féin air, an cainteoir dúchais deireanach a fuair bás Lá le Stiofáin, 1974.”<sup>35</sup> Is suntasach an chodarsnacht idir bás Gaeilge Mhanann agus an chaoi a gcuirtear Gaeilge na hÉireann chun cinn sa tsraith seo, agus í faoi bhláth ar fud an domhain. Theastaigh ó Chathal Ó Sándair go mbeadh bród ar Ghaeil óga as a dteanga féin, agus bhí ról tábhachtach aige féin agus é ag iarraidh an teanga a choinneáil suas chun dáta leis an saol nua-aimseartha. Bhain sé úsáid as teanga nua na heolaíochta is na teicneolaíochta go rímhinic, agus é ag cur téarmaí nua ar nós “ga-ghunnaí” agus “spás-chultacha” os comhair na léitheoirí óga.

Dá ndéanfaí mionstaidéar ar shaothar Uí Shándair ar an gcaoi a bhfuil mionstaidéar déanta ar shaothar Enid Blyton, d’fhéadfaí a áiteamh go dtagann ceisteanna faoin gciníochas chun solais i scéalta Réics Carló fosta.<sup>36</sup> Cé go bhfuil spéis ag Réics Carló i gcúrsaí domhanda, tagann claontaí in aghaidh na gciníochá nár mhair in iarthar an domhain chun solais go rialta. Deirtear linn gur daoine macánta agus iontaofa iad na Gaeil agus na ‘Ceiltigh’ agus go mbíonn na heachtrannaigh ag cruthú na trioblóide go léir do mhuintir na hÉireann. In *L’Image de l’Autre*, leabhar scríofa ag Suzanne Pouliot faoin *littérature Québécoise* do pháistí, tugtar le fios nach mbaictear an cur chuige seo le scéalta Réics Carló amháin, óir cothaíonn struchtúir inmheánacha sheánra na bleachtairachta steiréitíopaí diúltacha agus ciníochas i gcoinne na n-eachtrannach.<sup>37</sup>

I bhformhór na leabhar sa tsraith seo, is é an fear buí Randa Dal, namhaid Réics Carló, is cúis leis an gcoiriúlacht. De réir Réics, is é “an coirpeach ba mhó dar tháinig ón oirthear diamhair chun cur faoi sa chuid seo den domhan.”<sup>38</sup> Creideann Randa Dal i gcumhacht “Allah”; earcaíonn sé mionchoirpigh le tabhairt faoina ghnó mímhacánta nó a “scéimeanna diabhlai” a chuireann sé ar bun i rith na hoíche; déantar cur síos air mar “m[h]eigleamáineach,” a bhfuil “na smaointe buile [aige] faoi ardiarnas ar an gcine daonna a bhaint amach.”<sup>39</sup>



**Cathal Ó Sándair: (1922-1996) rugadh i Sasana é ach d’fhás sé aníos i mBÁC**

Murab ionann is Réics Carló, ní carachtar iomlán é Randal Dal, óir ní fheictear a dhaonnacht in aon chor. Dá bhrí sin, tá déscaradh an-simplí idir an mhaitheas agus an t-olcas i gceist sna scéalta seo. In *Réics Carló sa tSín*, léiríonn an reacaire go bhfuil difríocht shuntasach idir na daoine ón iarthar agus ó oirthear an domhain agus go bhfuil contúirt ann do mhuintir an iarthair dul thar an teorainn go háit anaithnid: “Níorbh ionann smaointe dóibh féin agus do mhuintir an Oirthir. Ba dhaoine lácha iad ar uairibh ach bhí a mhalaírt sin iontu ar uairibh eile.

“Thuig an bheirt Ghael go raibh daoine thart orthu gur bheag é a meas ar bheatha an tsaoil so; ar a mbeatha féin ná ar bheatha na gcomharsan. San Ind, sa tSín, agus sna stáit eile in oir-dheisceart na hÁise níorbh annamh Eorpaigh ag dul ó radharc amhail is dá sloightí isteach sa talamh iad.”<sup>40</sup> Sa leabhar seo, bíonn scileanna Réics Carló ag teastáil sa tSín nuair a dhúnmharaítear Rí na Síne in Éirinn. Ní bhaineann an drochghníomh seo le muintir na hÉireann óir is dream síochánta iad siúd ach baineann sé le cluichí cumhachta agus dúil san airgead, tréithe a bhaineann le fir an oirthir ach go háirithe nár mheas go mbeadh leithéid Réics Carló ag teacht sa tóir orthu ar son na

<sup>32</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló sa tSín* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1953), 27.

<sup>33</sup> *Irish Times*, 20/06/1996, 17.

<sup>34</sup> Tá an ceiliúradh a dhéanann Ó Sándair ar an gceangal Ceilteach mar chuid de ghluaiseacht a bhí ag bailiú nirt sna tíortha Ceilteacha i lár an fhichiú haois, ar a dtugtar ‘An Chomhghéill Cheilteach,’ ach bhí ré na Comhdhála imithe i léig nuair a foilsíodh *Réics Carló ar Oileán Mhanann* sa bhliain 1984.

<sup>35</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1984), 80-81.

<sup>36</sup> Féach Sheila G. Ray, *The Blyton phenomenon: the controversy surrounding the world's most successful children's writer* (London: Andre Deutsch, 1982).

<sup>37</sup> Féach Suzanne Pouliot, *L’Image de l’Autre: une étude des romans de jeunesse parus au Québec de 1980 à 1990* (Québec: Éditions de CRP, 1994), 26-28.

<sup>38</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1984), 17.

<sup>39</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1984), 64.

<sup>40</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló sa tSín* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1953), 14.

# LÉIRÍONN SCÉALTA RÉICS CARLÓ RÓL ÍOCHTARACH NA mBAN, MAR MHACALLA AR AN SAOL POIBLÍ MAR A BHÍ NUAIR A BHÍ DE VALERA I RÉIM. NÍ FHEICIMID MNÁ GO RÓMHINIC SNA SCÉALTA BLEACHTAIREACHTA SEO – SEACHAS SEANBHAINTEACH MHÍSCIAMHACH A DTUGTAR “AN CHAILLEACH BHÉARRA” UIRTHI – AGUS B’FHÉIDIR GO DTUGANN SÉ SEO LE FIOS NACH RAIBH BAINT AG MNÁ LEIS AN TAOBH GRÁNNA DE SHAOL NA CATHRACH


firinne. In *An t-eiteallán do-fheicthe*, a foilsíodh nuair a bhí an Dara Cogadh Domhanda faoi lán seoil, déanann rialtas na tíre samhaltaí ‘Listónia,’ iar-racht “Éire a smachtú le cabhair an Eitealláin Do-fheicthe,” trí Bhanc na hÉireann, Dáil Éireann agus Ard-Oifig an Phoist ‘a shéideadh san aer le pléas-gáin.”<sup>41</sup> Arís déantar cur síos ar “d[h]ath búidhe” an phríomhchoirpigh ón iasacht agus tugtar ‘an tÁpa’ ar a chomhghleacaí.<sup>42</sup>

Is fiú a lua freisin, i gcás *Réics Carló ar an nGealaigh*, ceann de na samplaí is fearr de shamhlaiocht bheoga Uí Shándair, gur daoine gorma iad na drochdhaoine a bhfuil cónaí orthu ar an ngealach, áit atá cosúil le hIfreann.<sup>43</sup> Foilsíodh an leabhar seo sa bhliain 1950, beagnach fiche bliain sular thuirling Neil Armstrong agus a chomhghleacaithe ar an ngealach. Ós rud é nach raibh aon cheo ar eolas ag Ó Sándair faoin saol ar an ngealach, chruthaigh sé sibhialtacht fhantaisiach inti, le Dardantua, Impire na gealaí, i gceannas uirthi. Choinnigh Dardantua a mhuintir féin faoi smacht mar gheall ar a dhúil sa chumhacht, agus meabhraíonn an scéal seo Impireacht na Róimhe, Star Wars agus Jurassic Park don léitheoir comhaimseartha.

Mar a dúradh cheana, léiríonn scéalta Réics Carló ról íochtarach na mban, mar mhacalla ar an saol poiblí mar a bhí nuair a bhí de Valera i réim.<sup>44</sup> Ní fheicimid mná go rómhinic sna scéalta bleachtairreachta seo – seachas seanbhaintreach mhísciámhach a dtugtar “An Chailleach Bhéarra” uirthi – agus b’fhéidir go dtugann sé seo le fios nach raibh baint ag mná leis an taobh gránna de shaol na cathrach.<sup>45</sup> De réir mar a fhorbraítear an tsraith seo áfach, casaimid le Fionnuala, iníon lánfhásta Réics Carló ó am go chéile.

In *Réics Carló i Meicsicó*, feicimid Fionnuala sa chistin ag freastal ar a hathair agus glacann sí le cúraimí an rúnaí phearsanta freisin; in *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (1984), nuair a théann sí ar saoire

lena hathair, feictear í mar íobartach i bhfáinne fi na coiriúlachta. Is bean steiréitipiciúil í sa mhéid is go bhfuil sí lag agus maoinneach i gcomparáid lena hathair cróga, agus bíonn deacrachtaí aici na deora a cheilt nuair a bhíonn sí i gcontúirt.<sup>46</sup> Ach seasann sí mar shiombail de na daoine maithe sa tsochaí agus is ar mhaithe leo siúd a théann Réics sa tóir ar na coirpigh. Aithníonn Randa Dal tábhacht Fhionnuala i saol Réics Carló agus fuadaíonn sé í ionas go mbeidh sé in ann an ceann



<sup>41</sup> Cathal Ó Sándair, *An t-eiteallán do-fheicthe* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1943), 28.


<sup>42</sup> Cathal Ó Sándair, *An t-eiteallán do-fheicthe* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1943), 7, 26.

<sup>43</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1950), 20.

<sup>44</sup> Angela Bourke [et al.], *The Field Day anthology of Irish writing, Vol. 4: Irish women's writing and traditions* (Cork: Cork University Press in association with Field Day, 2002), 4; 131.

<sup>45</sup> Cathal Ó Sándair, *Uathbás i mBrúis na Bóinne* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1944), 27.

<sup>46</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar Oileán Mhanann* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1984), 108.



is fearr a fháil ar Réics chun ardiarnas ar an gcine daonna a bhaint amach.

Sa scéal *Réics Carló ar an nGealaigh*, is í an spáslong ‘Gráinne’ an t-aon rud baineann sa scéal. Chomh dócha lena athrach tá tagairt á déanamh ag Ó Sándair do Ghráinne Ní Mháille, banríon na bh-foghlaithhe mara, a thaistil ar fud na bhfarraigí ina ham féin nuair nach raibh trácht ar spáslonga. Is spáslong dhíograiseach, dhílis í Gráinne, agus tugtar le fios: “gur choimhlíon Gráinne a dualgas agus go raibh sí mar rud daonna fé lámha Leon.

D’fhreagradh sí láithreach gach uair do luigheadh a mhéaranna ar na cnaipí agus ar na luamháin.”<sup>47</sup> Is spéisúil go ndéantar cur síos ar Ghráinne i dtéarmaí na dílseachta, agus í faoi smacht an fhir, mar léiriú ar ról mhná na hÉireann ag an tráth sin san fhichiú haois.

Téann Réics Carló sa tóir ar eachtraí nua ar fud an domhain, ó Chorcaigh go Caireo agus tugann siad eolas do na léitheoirí óga ar threolaíocht, theanga agus chultúr ag an am céanna.<sup>48</sup> Cé go dtugann *Réics Carló sa tSín* léargas míchruinn ar mhuintir na Síne ar bhealaí éagsúla, déanann Ó Sándair iarracht cúlra fírinneach a chruthú dá léitheoirí nuair a théann Réics Carló chun na Síne. Tá eolas faoi bhia, bhláthanna, éadaí, spóirt, stair, chreideamh agus nósanna na Síneach fite fuaite tríd an bplota. Bíonn an cur chuige céanna aige nuair a théann Réics Carló go Meicsiceo, go dtí an Éigipt agus chuig tíortha eile freisin (ní mór a admháil áfach go geruthaíonn sé stair nua do mhuintir Mheicsiceo ar mhaithe le héifeacht an phlota.)

Bhí an sean agus an nua mar fhoinsí inspioráide ag Cathal Ó Sándair agus feictear tagairtí don Sean-Tiomna agus do chultúr scannánaíochta Hollywood taobh le taobh ina chuid scéalta bleachtairachta. Tagann eilimintí a aithnítear mar chodanna lárnacha den saol iar-nua-aimseartha chun solais arís is arís iontu: tábhacht ról an iriscora sa tsochaí; cíocras na meán cumarsáide chun scéal a fháil; cultúr an iomráiteachais (an chaoi a láimhseálann Réics Carló na “mílte litreach” agus “an-chuid leabhar autographach” in aghaidh na seachtaine); cur chun cinn an ainm branda agus na marsantachta.

Deirtear linn go bhfuil a leithéid de rud agus “Tobac Carló” ann, agus fógraí do phiopaí le “Caitheann Carló Píopa Petersburg” mar mhana acu. Tugtar le fios gur thairg monarcha a dhéanann léinte céad punt do Bhrian [Ó Ruairc] ach é bheith sásta áiteamh ar an lorgaire “léine lingston” a chaitheamh, i dtreo go mbeadh sé ar chumas na ndéantóirí fógra mar so a chur os comhair an phobail: “Déanann Léinte Lingston Deifridheacht. Is iad is fearr le Réics Carló!”<sup>49</sup> Ní raibh mórán spéise ag Réics Carló i gcultúr an iomráiteachais ná an ábharachais áfach: ní raibh uaidh ach a dhualgais a chomhlíonadh, an pobal a chosaint agus ceiliúradh a dhéanamh ar a dhúchas is a oidhreacht Éireannach féin.

Mar a thugann Alan Titley le fios in *An tÚrscéal Gaeilge*: “Is é gaisce scríbhneoireachta Chathail Uí Shándair an gníomh aonair pinn is éachtaí i stair an úrscéil Ghaeilge. Ní thagann aon scríbhneoir eile úrscéalta i ngiorracht tobair dúigh dó ó thaobh toirte, iomadúlachta nó raidhse a shaothair.”<sup>50</sup> Mar léiriú air sin, díoladh níos mó ná leathmhíliún cóip dá chuid leabhar, sna 1940í agus 1950í ach go háirithe.<sup>51</sup>

Tugann scéalta bleachtairachta Réics Carló an-léargas ar fhéiniúlacht náisiúnta agus chultúrtha na nÉireannach i lár an fhichiú haois, ach an fhadhb is mó a bhaineann leis an tsraith seo ná go bhfuil na leabhair uilig, seachas *Réics Carló ar Oileán Mhanann*, scríofa sa Chló Gaelach, rud a chiallaíonn nach bhfuil fonn ar dhaoine óga iad a léamh a thuilleadh. Mar sin féin, is cáipéisí suntasacha, fionspéisíúla iad scéalta Chathail Uí Shándair do scoláirí a bhfuil sé de chumas acu iad a thuiscint agus tugann siad léargas as an ngnáth ar éabhlóid na litríochta Gaeilge do pháistí thar leathchéad bliain.

*Is léachtóir le Gaeilge i Ríona Níe Congáil i gColáiste Phádraig, Droim Conrach. Tá dhá leabhar do dhaoine óga scríofa aici: An Tír Solais (Coiscéim, 2004), agus An Leabhar Órga (Coiscéim, 2006). Tá sí mar stiúrthóir ar Chumann Scríbhneoirí Úra na Gaeilge: <http://scribhneoiri-oga.blogspot.com/>*

<sup>47</sup> Cathal Ó Sándair, *Réics Carló ar an nGealaigh* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1950), 17.

<sup>48</sup> Féach Cathal Ó Sándair, *Réics Carló san Éigipt* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1951).

<sup>49</sup> Cathal Ó Sándair, *Uathbhás i mBragh na Bóinne* (Baile Átha Cliath: An Gúm, 1944), 41-42.

<sup>50</sup> Alan Titley, *An tÚrscéal Gaeilge* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1991), 65.

<sup>51</sup> *Irish Times*, 20/06/1996, 17.